Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2017*

# *Grafaic Theicniúil*
# *Ardleibhéal*
# *Roinn A*

*(120 marc)*

## *Dé Luain, 19 Meitheamh*
## *Maidin, 9:30 - 12:30*

| Uimhir an Ionaid |
|---|
| |

***Treoracha***

*(a)* *Freagair **deich gcinn ar bith** de na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh.*
*Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.*

*(b)* *Ní mór na línte tógála uile a thaispeáint go soiléir.*

*(c)* *Tá na toisí uile ina milliméadair.*

*(d)* *Ní mór an leabhrán seo a thabhairt ar ais i ndeireadh an scrúdaithe.*

*(e)* *Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di thois agus ar gach bileog eile a úsáideann tú.*


| Ceist | Marc |
|---|---|
| Roinn A | |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOMLÁN | |
| GRÁD | |

***Scrúduimhir:*** 

**ROINN A**. Freagair **deich** gceist **ar bith**. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.


**1.** Líon isteach an lipéad do **gach** léaráid trí rogha a dhéanamh as an liosta a thugtar.

- Éalárnach
- Teascóg
- Teascán
- Comhlárnach



**1.** ____________ **2.** ______________ **3.** _____________ **4.** _____________

**2.** San fhíor taispeántar líníocht neamhiomlán pheirspictíochta de bhord haca oighir. Taispeántar grafaic 3T freisin. Críochnaigh an líníocht pheirspictíochta.





**3.** San fhíor taispeántar imlíne lógó le haghaidh glasadóra.

Scríobh síos toisí **A**, **B** agus **C**.


**A =** __________

**B =** __________


**C =** __________



**4.** Taispeántar ingearchló agus taobhchló méarchláir ar an ngreille chearnógach.
Déan **sceitse saorláimhe pictiúrtha** den mhéarchlár. Cuir dath **nó** scáthú ar an sceitse.




**5.** Taispeántar san fhíor dearadh de scáthlán lampa. Tarraing scáthlán lampa nua a bheidh comhchosúil leis an scáthlán a thugtar, agus an fad **AB** méadaithe go $\mathbf{AB_1}$.





**6.** Taispeántar i bh**Fíor 1** grafaic 3T d'fhoireann bratacha triantánacha.
Triantán comhshleasach atá i ngach bratach. Tagann laghdú ar fhad taoibh gach brataí sa choimheas **3:2:1**.

Taispeántar ingearchló neamhchríochnaithe de na bratacha i bh**Fíor 2**.

Aimsigh fad taoibh gach brataí agus críochnaigh an t-ingearchló.




**Fíor 1**




**Fíor 2**

**7.** San fhíor taispeántar ingearchló agus bonnchló buncar breosla. Taispeántar freisin grafaic 3T den bhuncar.

Teilg ingearchló cúnta an bhuncair ar an líne **$X_1$-$Y_1$** chun fíorchruth an dromchla **S** a theaspáint.






**8.** Taispeántar ingearchló agus bonnchló araid athchúrsála.

Sa spás atá ann dó, tarraing **sceitse saorláimhe pictiúrtha** den araid.

Cuir dath **nó** scáthú ar an sceitse críochnaithe.




**9.** Scríobh síos **trí** ordú CAD **ar bith** a úsáidtear chun eagarthóireacht a dhéanamh ar líníocht na soilse tráchta mar a thaispeántar sa seicheamh thíos.



**Trí** ordú CAD **ar bith**:

____________________

____________________

____________________


## 10.

Taispeántar sna grafaicí dearadh clogad triail ama le haghaidh rothaí.
Is codanna den dearadh iad an t-éilips **A** agus an tadhlaí **BC**.

Aimsigh pointí fócais an éilips **A** agus aimsigh an pointe teagmhála idir an tadhlaí **BC** agus an éilips.

Taispeáin na tógálacha go léir go soiléir.








## 11.

San fhíor thíos taispeántar ingearchló dronbhacairt inathraithe.
Taispeántar grafaic 3T freisin.

Rothlaigh **ABCD** timpeall ar an bpointe **O** go dtí go sroicheann an pointe **C** an líne **$LL_1$**.








## 12.

Taispeánann an ghrafaic thíos trí phuzal.
Taispeántar ar dheis an réiteach ar gach puzal.

Meaitseáil an litir cheart leis an bpuzal cuí thíos.




**1.** __________ **2.** __________ **3.** __________




**13.** Taispeánann an ghrafaic 3T liathróid peile agus cúl an líon báire á bhualadh aici. Taispeántar freisin taobhchló den líon báire agus den liathróid peile **O**.

Tarraing an liathróid peile ina suíomh nuair a bhuaileann sí cúl an lín agus í ina luí ar an talamh **$GG_1$**.


Taispeáin na tógálacha agus na pointí teagmhála go léir.






**14.** Sa ghrafaic taispeántar trí **sholad**. Tá solas ag lonrú ar na solaid mar a léiríonn treo na saighde. Tá an scáth, a theilg an chéad solad, críochnaithe.


Tarraing **sceitsí saorláimhe** de na scáthanna a theilg an dá sholad eile.



**15.** Rinneadh díolacháin torthaí i gceaintín scoile a thaifeadadh le linn tréimhse seachtaine. Mar seo a leanas a bhí líon na dtorthaí éagsúla a díoladh:

- Úll - 60
- Banana - 45
- Caor finiúna - 25
- Cíobhaí - 20
- Oráiste - 40
- Piorra - 10

Críochnaigh an chairt chun an t-eolas seo a chur in iúl go grafach.



Leathanach Bán

**Leathanach Bán**